

FAOILEÁIN AGUS A GCAINNT.

Nuair a bhíodh lá breagh ann agus na faoileáin ag sglugáil(sgreadach) séard a bhíonns dá rádh aca: an chéad éan. "Longa é longa é." An daraéan. "Coinnigh ort é, coinnigh ort é."

Níl iasc sa bfairrge is fearr ná an langa ceapann na faoileáin nach bhfuil.

Faoileáin ag cainnt ar ród na Gaillimhe. An chéad éan. "Ní bhfuair mé blas an éisg le trí lá, níl mé indon mo chuid sgiatháin a chreathadh" an dara éan. "ná bí mar sin tear i n-éinfeacht liom-sa agus geobhfaidh tú do sháith. An chéad éan . "Cé'n áit?" An dara éan." I

nArdfhraoch, áit a bhfuighfidh tú do dhóthain síol éisg agus tá croc sgadán ann." Bhí fear ag éisteacht leob a bhí dá dtuisgint mar a bheadh an tseamair Mhuire aige. Chuaidh sé chó fada leis na hiasgairí agus d'innis sé dóibh ar chuala sé. Chuaidh iasgairí na gaillimhe go hÁrdfraoch an oidhche sin le n-a gcuid bád agus le n-a gcuid eangacha agus fuaireadar lochtgail mór éisg ann.